

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Ráitis Airgeadais Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2023

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

**Innéacs do na Ráitis Airgeadais Don Bhliain dar Críoch
31 Nollaig 2023**

	Leathanach
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	3
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	4
Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste	10-11
Ráitis Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2023	12
Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha amhail an 31 Nollaig 2023	13
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023	14-33

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Ní mór, faoi chuid 51 den Acht, go gcoimeádfaidh an BOO i gcibé leagan agus i leith cibé tréimhsí cuntasaoíochta a cheadóidh an tAire Oideachais, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Poiblí Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a fuair an BOO nó a chaith sé.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ní mór don Bhoird:

- (a) na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a chur i bhfeidhm i leith ráitis airgeadais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a ullmhú
- (b) breithiúnais agus meastacháin a thabhairt atá réasúnta agus stuama
- (c) eisceachtaí ábhartha ó pholasaithe caighdeánacha cuntasaoíochta a nochtheadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntasaíochta a choimeád a thugann le fios, le cruinneas réasúnta ag aon am, stad airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil na Ráitis Airgeadais cruinn de réir Alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thógáil le calaois agus neamhrialtachtaí eile a aimsiú agus a stopadh.

Cathaoirleach

Síniú:


An Clr. Nick Killian

Dáta:

6 Márta 2025

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tá an Cód Rialachais do BOOnna leagtha amach i gCiorclán 002/2019, a d'eisigh an Roinn Oideachais chuig gach Bord Oideachais agus Oiliúna i mí Eanáir 2019. Ghlac BOO Lú agus na Mí leis an gCód Rialachais ag an gcruinniú ar an 31 Eanáir 2019.

Bunaíodh bord nua do Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ar 10 Deireadh Fómhair 2019 agus chríochnaigh an bord ceapadh na gCoistí Airgeadais agus Iniúchta agus Riosca nua ar an dáta céanna.

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánach

Mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí, aithním freagracht an Bhoird chun a chinntiú go ndéantar córas rialaithe inmheánach a choinneáil agus a fheidhmiú a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú iomlán é, a sholáthar go ndéanfar na sócmhainní a chosaint, go ndéanfar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéanfar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá na céimeanna seo a leanas á nglacadh ag an mBord lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm:

- Freagrachtaí an lucht bainistíochta agus na foirne a shainiú go soiléir.
- Nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhartha ceartaitheacha cuí a chinntiú.
- Córas foirmiúil bainistithe riosca a bhunú lena n-áirítear nósanna imeachta chun gach riosca a aithint agus a mheasúnú a d'fhéadfadh bac a chur ar BOOLM a chuspóirí a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe inmheánach atá i bhfeidhm in BOOLM bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Nósanna imeachta riaracháin mionsonraithe.
- Leithscaradh dualgas.
- Údaruithe sonracha.
- Seiceálacha inmheánacha.
- Athbhreithniú bainistíochta míosúil a dhéanamh ar thuarascálacha ina léirítear torthaí iarbhair agus buiséadaithe na gclár a chuireann BOOLM i bhfeidhm.

Áirítear le Creat Maoirseachta an Bhoird:

Bíonn na nithe seo a leanas mar bhonn taca le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- An Príomhfheidhmeannach atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánach.
- Moltaí a dhéanann Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.
- Moltaí a dhéanann an tAonad Iniúcháireachta Inmheánach - BOOnna
- Obair an Choiste An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá maoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) a tháinig le chéile ceithre huaire in 2023: ar an 15 Márta, an 24 Márta, an 7 Iúil agus an 25 Meán Fómhair. Cuimsíodh i gclár oibre an CIR na nithe seo a leanas:

- Tuarascálacha iniúchta inmheánacha
- Tuarascálacha iniúchta Seachtracha
- Athbhreithniú seachtrach
- Ráitis Airgeadais Bhliantúla
- Creat Bainistíochta Riosca
- An Clár Rioscaí
- An Clár Iniúcháireachta
- Tuarascálacha Bainistíochta Riosca
- Tuarascáil tuairime a chuirtear ar fáil don Bhord maidir le leordhóthanacht agus oiriúnacht na gcóras rialaithe inmheánach

Tugadh cuireadh don phríomhfheidhmeannach freastal ar chruinnithe de chuid an CIR agus roinneadh tuarascálacha agus an t-eolas is déanaí maidir le hoibriú rialuithe agus bainistíochta riosca le linn 2023, mar a shonraítear sna tuarascálacha ón gCoiste chuig an mBord. Tar éis gur cuireadh an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais 2022 i gcrích i mí na Nollag 2023, bhuail an Coiste le hionadaithe ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar an 13 Márta 2024. Rinne an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialuithe inmheánaigh don tréimhse tuairiscithe ábhartha ar an 22 Márta 2024.

An Coiste Airgeadais

Tá maoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe freisin ar obair an Choiste Airgeadais a tháinig le chéile ceithre huaire in 2023: ar an 17 Feabhra, an 28 Márta, an 22 Meitheamh agus an 29 Meán Fómhair agus 15 Samhain. Cuimsítear i gclár oibre an Choiste Airgeadais na nithe seo a leanas:

- Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2023 (RAB)
- Moladh don Bhord i ndáil le RAB 2023
- Cuntais Mhíosúla Ioncaim agus Chaiteachais
- Moladh don Bhord i ndáil leis an bPlean Seirbhíse
- Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Phlean Seirbhíse

Thuairiscigh an Feidhmeannas, faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannach, don Choiste Airgeadais in 2023.

Rinne an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2023 ar agus ar Ráiteas an Chórais um Rialú Inmheánach ar an 26 Márta 2024 agus mhol an Coiste don Bhord glacadh leo.

Iniúchadh Inmheánach

Soláthraíonn Aonad Iniúcháireachta Inmheánach (AII) na mBord Oideachais agus Oiliúna - an tseirbhís iniúcháireachta inmheánach, lena dtugtar forléargas ar na réimsí a ndéantar iniúchadh orthu. Bíonn an tuairim fhoriomlán bunaithe ar na torthaí a aithníodh le linn an iniúchta. Leagtar raon na dtuairimí féideartha amach anseo thíos:

Cuimsitheach: Tá an córas rialaithe inmheánach leordhóthanach agus é á chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Leordhóthanach: Tá an córas rialaithe inmheánach leordhóthanach den chuid is mó agus é á chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Easnamhach: Tá an córas rialaithe inmheánach easnamhach agus níl sé á fheidhmiú go héifeachtach.

Rinneadh obair allamuigh le haghaidh iniúchtaí ar thionscnaimh oiliúna áitiúla agus ar thionscadail chaipitil agus táthar ag súil go n-eiseoidh tuairiscí na hiniúchtaí seo in 2024. Fuair BOOLM an dréacht-tuarascáil de bhun an iniúchta ar phinsin agus tá freagraí bainistíochta á n-ullmhú faoi láthair. Chuir an tAonad Inmheánach in iúl go bhfuil sé i gceist acu úsáid scoile a iniúchadh le linn 2024.

Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh ar úsáid Bhreisoideachais agus Oiliúna in BOO Lú agus na Mí dar dáta an 18 Bealtaine 2023. Rinneadh an tástáil iniúcháireachta go cianda nuair ab fhéidir agus rinneadh é a chomhcheangal le hobair allamuigh ar an láthair i gcomhairle le BOOLM agus na hionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna (BrOO) maidir le srianta COVID 19 agus treoir ghaolmhar. Reáchtáladh an obair allamuigh iniúchta inmheánaigh i mí Mheán Fómhair 2021, mí Dheireadh Fómhair 2021 agus mí Feabhra 2022. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 20 Bealtaine 2023. Ba é toradh foriomlán na tuarascála ná go bhfuil córas cuimsitheach rialuithe i bhfeidhm ag BOOLM maidir le comhlíonadh beartais. Tugadh 10 moladh san iomlán 2 ardmholadh, 5 mholadh mheánacha agus 3 mholadh ísle. Tá 4 cinn curtha i bhfeidhm agus 6 cinn curtha i bhfeidhm go páirteach.

Iniúchadh Leantach ar Stádas Forfheidhmithe ó Mholtaí Iniúchta Inmheánacha TFC 2018 dar dáta an 15 Meitheamh 2023. Is é scóip an iniúchta inmheánaigh ná obair leantach a dhéanamh ar stádas cur i bhfeidhm na moltaí ar ghlac an bhainistíocht leo ó iniúchadh TFC 2018 (Tagairt I26). Reáchtáladh an obair allamuigh iniúcháireachta go cianda agus ar an láthair in BOOLM i mí na Samhna 2022. Rinne Kosi Corporation an obair allamuigh iniúcháireachta faoi stiúir AII - BOOnna. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 20 Meitheamh 2023. Ba é toradh foriomlán na tuarascála ná go bhfuil dul chun cinn soiléir déanta, le 92% de na moltaí curtha i bhfeidhm go hiomlán nó curtha i bhfeidhm go páirteach agus 87% de na moltaí sa chatagóir ardriosca curtha i bhfeidhm go hiomlán nó curtha i bhfeidhm go páirteach, is é tuairim na hiniúcháireachta go meastar go bhfuil stádas cur i bhfeidhm mholtaí iniúchta 2018 leordhóthanach.

Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh ar Shláinte agus Sábháilteacht in BOO Lú agus na Mí dar dáta 17 Eanáir 2024. Críochnaíodh an obair allamuigh iniúcháireachta i mBealtaine 2023 agus meascán de chianrochtain agus de chuairt suímh a bhí ann. Ba é Kosi Corporation (iniúcháirí comhfhoinsithe) a rinne an t-iniúchadh agus rinne an AII-BOOnna maoirseacht air. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 23 Eanáir 2024. Ba é an toradh foriomlán a bhí ar an tuarascáil ná, bunaithe ar thorthaí na tástála iniúcháireachta, go meastar go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh maidir le bainistiú sláinte agus sábháilteachta ag BOOLM leordhóthanach. Tugadh 14 mholadh san iomlán 1 ardmholadh, 7 moladh mheánacha agus 6 mholadh ísle. Tá 7 gcinn curtha i bhfeidhm go páirteach agus 7 gcinn nach bhfuil curtha i bhfeidhm.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbaineann cuid de na moltaí le ráitis sábháilteachta agus go bhfuil BOOLM ag baint úsáid as ráiteas sábháilteachta earnála samplach arna eisiúint ag Boird Oideachais agus Oiliúna Éire (BOOÉ) in éineacht le treoir nach bhféadfaí roinnt codanna den teimpléad a athrú. Leanfaidh BOOLM ar aghaidh chun athruithe a dhéanamh de réir mar is gá chun moltaí AII a chur i bhfeidhm.

Iniúchtaí earnála

Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh Earnála dar dáta an 1 Márta 2023 tar éis iniúchtaí ar Thionscnaimh Oiliúna Áitiúla a chríochnú i dtír BOO. Luadh sa tuarascáil, bunaithe ar thorthaí na tástála iniúcháireachta, gur measadh gur neamhleor na córais rialaithe inmheánaigh maidir le scóip agus cuspóirí na n-iniúchtaí Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla sna 3 BOO a tástáladh. Luadh sa tuarascáil freisin go bhfuil sé ábhartha a thabhairt faoi deara go bhfuil na tuairimí neamhleor go príomha mar gheall ar shaincheisteanna fadhbunaithe a éilíonn réiteach ag leibhéal earnála agus fadhbanna maidir le rialuithe agus maoirseacht chuí na dtionscadal TOÁ ag na Soláthraithe Tánaisteacha.

Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh Earnála dar dáta an 8 Eanáir 2024 tar éis athbhreithniú leantach a dhéanamh ar fud cúig BOO ar chur i bhfeidhm na moltaí ar ghlac an bhainistíocht leo a rinneadh mar chuid d'iniúchtaí TFC roimhe seo a reáchtáladh in 2018/2019 do na 16 BOO agus athbhreithniú ar ullmhacht na gcúig BOO sin chun caighdeán chibearshlándála bhonnlíne na hearnála poiblí a eisíodh ar 21/11/2021 a chomhlíonadh. Glacadh cur chuige hibrideach san obair allamuigh iniúchta maidir le hathbhreithnithe cianda agus cuairteanna ar an láthair idir mí an Mheithimh 2022 agus ní Eanáir 2023 agus rinne Kosi Corporation (iniúcháirí comhfhoinsithe) é faoi stiúir an AII-BOOnna. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 23 Eanáir 2024. Luadh sa tuarascáil, go meastar go bhfuil an tuairim iniúcháireachta foriomlán do na cúig BOO a ndearnadh athbhreithniú orthu ar stádas cur i bhfeidhm moltaí iniúchta TFC 2018/19 'Leordhóthanach'.

Athbhreithnithe

Athbhreithniú Caighdeán Bonnlíne agus Creat Rialaithe Cibearshlándála dar dáta 11 Meán Fómhair 2023. Ba é cuspóir an athbhreithnithe ná measúnú a dhéanamh ar an timpeallacht reatha TFC laistigh de BOOLM i gcoinne an riachtanais a shonraítear sa "Caighdeán Bonnlíne Cibearshlándála na hEarnála Poiblí", anailís mhionsonraithe ar Bhearnaí a sholáthar agus roghanna a sholáthar, anailís SWOT agus moltaí i gcur chuige céimnithe chun na hionchais agus na riachtanais atá leagtha amach sa Chaighdeán Bonnlíne Cibearshlándála san earnáil phoiblí a chomhlíonadh. Ba é Kosi Corporation (iniúcháirí comhfhoinsithe) a rinne an t-athbhreithniú. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 12 Meán Fómhair 2023. Tá BOOLM ag plé leis an AII agus Kosi ar chur chuige ar fud na hearnála chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí a aithníodh san iniúchadh. Bunaíodh Grúpa Oibre Córais Bainistíochta Slándála Faisnéise (CBSF) faoi Stiúirthóir TFE chun maoirseacht a dhéanamh ar fhreagra BOOLM ar an méid céanna.

Soláthar

Bhí leibhéal íseal soláthair neamhchomhlíontaigh in BOOLM arís in 2023. Mar sin féin, ní raibh trealamh agus seirbhísí ionaid eachtraíochta ar luach thart ar €0.05m a soláthraíodh in 2023 go hiomlán i gcomhréir leis na treoirlínte náisiúnta soláthair. Tá an figiúr seo, nach ndearnadh iniúchadh air, bunaithe ar athbhreithniú ar chaiteachas a rinneadh ar níos mó ná tríocha scoil agus ionad aonair agus is ionann é agus 0.02% den chaiteachas iomlán i rith na bliana.

Calaois

Níor tuairiscíodh aon teagmhas faoi Bheartas Calaoise BOOLM in 2023.

Nochtaí cosanta

Ní bhfuair BOOLM aon nochtadh cosanta in 2023 faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

Bainistíocht Riosca

Tá Córas Bainistíochta Riosca Corparáideach i bhfeidhm ag BOOLM ar fud na heagraíochta. Rinneadh athbhreithniú ar an gclár Riosca ag gach cruinniú den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2023 agus leanann an Coiste ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar fhorbairt phlean Bainistíochta Riosca Straitéiseach BOOLM.

Chinn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2022 go mbunófaí grúpa oibre ar a mbeadh ainmnithe an Choiste agus an Fheidhmeannais athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar an gclár riosca agus chun tuairisciú chuig an gCoiste leis na torthaí. Táthar ag súil go dtabharfar suntas do spriocanna straitéiseacha leasaithe BOOLM sa chlár leasaithe mar a luaitear sa Ráiteas Straitéise 2022-2026, is go leagfar amach na rioscaí a bhainfidh lena mbaint amach agus go léireofar an obair a theastóidh chun dul aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Tá obair ar dhréachtchlár athbhreithnithe a ullmhú lena athbhreithniú beagnach críochnaithe agus cuimseoidh sé treoir a eisíodh i ndáil leis an athbhreithniú Bonnlíne Cibeairshlándála agus an t-iniúchadh AII ar shláinte agus sábháilteacht a éilíonn cláir shonracha a bhaineann leis an méid céanna. Tá rannpháirtíocht leanúnach eárnála ann le IPB Insurance CLG (IPB) ar an gcóras bainistíochta riosca reatha agus tá sé beartaithe ag BOOLM aon rud a foghlaimíodh ón gcóras sin a ionchorprú sa phróiseas athbhreithnithe reatha.

Fadhbanna ag dul ar aghaidh ag an leibhéal eárnála

Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair

Cuireann Ciorclán 11/2014 oibleagáid ar ionaid BOO ráitis agus ríomhanna sochair a sholáthar do bhaill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2014. Níor chomhlíon BOOLM a dhualgaís maidir le ráitis bhliantúla pinsin a sholáthar do gach ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair in 2023. Mar sin féin, tá ráitis á geur ar fáil do chomhaltaí i gcas ina n-iarrann siad iad go hindibhidiúil agus tá tús áite á thabhairt do ráitis do bhaill foirne atá ag druidim le scor. Tá an obair ar siúl le Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) chun ráitis a tháirgeadh don tréimhse 2013 go 2022 agus táthar ag súil go gcríochnóidh an obair seo in R3, 2024.

Clár Feabhsúcháin Pinsin SGCO

I mí Dheireadh Fómhair 2022, cuireadh athruithe bogearraí ar fáil do chóras Seirbhísí Comhroinnte Párolla BOO chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna le ranníocaíochtaí pinsin do 95% de na híocaíochtaí. Tá an obair ar siúl chun athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais maidir le ríomhanna ceapachán iolrach agus méideanna in-atreoraithe. Tá obair forbartha agus tástáil ceann go ceann ag dul ar aghaidh leis an nGrúpa Rochtana agus SGCO chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais PeopleXD chun freastal ar ghlan-ranníocaíochtaí a ríomh le haghaidh íocaithe le ceapachán iolracha agus chun ríomh na méideanna in-atreoraithe a nuashonrú le haghaidh íocaithe ionchuir dhearfaigh agus a chinntiú go mbeidh ríomh níos láidre ann do íocaithe tuarastail agus sinn ag dul ar aghaidh go 2024. Idir an dá linn, cé go bhfuil córas PeopleSXD á fhorbairt, bhunaigh SGCO Mol Sonraí Scéime Pinsin Aonair (SPA) chun sonraí a thiomsú ó chórais phárolla roimhe seo i gcóras láraithe amháin. Úsáidtear na sonraí seo ansin chun ráitis sochair pinsin agus fágálaithe SPA agus comhaid do bhanc sonraí SPA a tháirgeadh. Tá an tionscadal seo críochnaithe ag 4 BOO go dtí seo in 2023 agus táthar ag súil go gcríochnófar 3 BOO eile faoi dheireadh na bliana 2023, tar éis ráitis sochair charnaigh/fágála a eisiúint ó 2013 go 2022 agus comhaid sonraí a tháirgeadh ó 2013 go 2022. Táthar ag súil go mbeidh an obair seo comhlánaithe ag gach BOO atá fágtha faoi dheireadh R2, 2024, ar a dhéanaí. Déanfar na ráitis bhliantúla SPA 2023 a tháirgeadh ón gcóras láraithe do gach BOO. Ó 2024 ar aghaidh, táthar ag súil go mbeidh córas PeopleXD cothrom le dáta le sonraí leigheas agus go mbeadh an fhorbairt riachtanach curtha i bhfeidhm chun go mbeifear in ann ráitis 2024 a tháirgeadh go díreach ón gcóras.

Tá an obair seo mar chuid den Chlár Feabhsúcháin Pinsean foriomlán atá á chur i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus tá foireann thiomnaithe in SGCO curtha ar bun atá ag obair ar chúrsaí Ranníocaíochta Pinsin agus Aoisliúntais amháin a réiteach. Is cuid dhílis de scóip an Chláir Feabhsúcháin Pinsean seo é ráitis sochair agus fágála cruinne (a nuashonraíodh agus a ceadaíodh i 2023) a sholáthar do bhaill den scéim pinsin SPA.

Seirbhísí Comhroinnte Párolla

Bunaíodh an tSeirbhís Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar san earnáil Oideachais.

Párolla

Aistríodh seirbhísí párolla BOOLM don fhoireann ar fad chuig SGCO i mí Aibreáin 2020. Tá SGCO freagrach as párolla a phróiseáil agus tá BOOLM fós freagrach as treoracha a eisiúint do sheirbhísí comhroinnte maidir leis na hathruithe ar phárolla agus ar fheidhm Acmhainní Daonna. Tá sé deimhnithe ag an bPríomhfheidhmeannach go bhfuil a chuid freagrachtaí comhlíonta aige maidir le ceanglais an Mheabhráin Tuisceana agus an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse araon atá sínithe agus atá i bhfeidhm idir BOOLM agus ionad Sheirbhís Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) na Roinne Oideachais. Soláthraíonn na doiciméid seo an creat le haghaidh oibriú Seirbhísí Comhroinnte Párolla SGCO-BOO thar ceann na hearnála BOO. Braitheann an Príomhfheidhmeannach ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna a chuireann in iúl go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí párolla ag SGCO do BOOLM.

Speansais lena n-áirítear Taisteal agus Cothú

Tá próiseáil speansas, lena n-áirítear íocaíochtaí Taistil agus Cothaithe (T&C) á rolladh amach san earnáil chomh maith.

Párolla do phrintísigh

D'aistrigh BOOLM an párolla do phrintísigh a bhí aige i mí an Mhárta 2020 chuig an tseirbhís bainistithe párolla a bhunaigh SGCO.

Íocaíochtaí d'Fhoghlaimoirí

D'aistrigh BOOLM a íocaíochtaí d'fhoghlaimoirí go dtí an tseirbhís bainistithe a bhunaigh SGCO i dhá bhabhta. Babhta 1 i mí Lúnasa 2020 agus Babhta 2 (Ógtheagmháil agus SDOG) i mí Feabhra 2022.

Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

Bunaíodh an tSeirbhís Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar san earnáil Oideachais agus Oiliúna le fócas ar leith ar sheirbhísí comhroinnte párolla agus airgeadais do BOOnna sa chéad ásc. Tá an córas soláthair (P2P) agus bainistíochta airgeadais céanna anois in úsáid ag 15 de na 16 BOO agus tá pleananna curtha chun cinn go maith chun Cathair Bhaile Átha Cliath a aistriú chuige in R1, 2024.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Tá BOOLM tiomanta do chóras rialaithe inmheánach atá éifeachtach, éifeachtúil agus eacnamaíoch a chur i bhfeidhm. Deimhním go ndearna an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, ag a chruinniú ar 22 Márta 2024, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 ar an modh a leagtar síos sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna.

Áiríodh leis seo na nithe seo a leanas

- Chuir an Feidhmeannas tuarascáil i láthair maidir leis a athbhreithniú ar rialuithe (ó bhéal agus i bhfoirm tuarascáil scríofa) ag an gcruinniú CIR a reáchtáladh ar an 22 Márta 2024. Fuair an Coiste Iniúcháireachta deimhniú ón bPríomhfheidhmeannach go bhfuil an córas rialaithe inmheánach leordhóthanach agus cuí, a mhéid agus is indéanta le réasún. Bhunaigh an Príomhfheidhmeannach an ráiteas seo ar fhaisnéis a bailíodh ó bhainisteoirí sinsearacha ar fud na heagraíochta.
- Eisíodh athbhreithniú ar thuarascálacha iniúchta inmheánaigh agus seachtracha in 2023, agus go dtí seo in 2024.
- Reáchtáladh cruinnithe le hionadaithe ó Oifig an ARC&C agus ó AII-BOOnna.
- Rinneadh scrúdú ar mhiontuairiscí chruinnithe an Bhoird agus an Choiste Airgeadais chun a chinntiú nach bhfuil aon neamhréireachtaí leis an measúnú ar rialú inmheánach a cuireadh ar fáil don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca i dTuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh agus uirill Bhainistíochta.
- Chuir an Coiste Iniúcháireachta tuarascáil ar athbhreithniú rialuithe faoi bhráid an Bhoird ar an 28 Márta 2024.
- Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí Rialachais agus Rialaithe in 2023 lena n-áirítear:
 - Teagmháil idir an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, an Coiste Airgeadais, an Bord agus an feidhmeannas
 - Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach, ón Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagrúcháin (STFE), ón Stiúrthóir Scoileanna agus ón Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna (BrOO) chuig an mBord
 - Tuarascálacha ón bhFeidhmeannas chuig an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca
 - Moltaí a rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile
 - Tuarascálacha Bainistíochta Riosca
 - Coinnítear An Clár Riosca cothrom le dáta agus cuirtear é faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta ar bhonn rialta.

Rinne an Bord athbhreithniú agus faomhadh ar an ráiteas seo ag an gcruinniú ar an 28 Márta 2024.

Sínithe:



Cathaoirleach

Dáta: **6 Márta 2025**



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Bord

Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé ráitis airgeadais Bhord Oiliúna agus Oideachais Lú agus na Mí a iniúchadh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 mar is gá faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Áirítear leis na ráitis airgeadais

- an ráiteas feidhmiúcháin
- an ráiteas sócmhainní reatha agus dliteanas reatha, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar ráitis beartas cuntasafóichta.

Is é mo thuairim ná,

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird don bhliain 2023 agus ar staid ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2023, agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach ag an Aire Oideachais.

Bunús na tuairime

Rinne mé na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (CIIInna) mar a fhógraíonn An Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí de réir na gcaighdeán sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Níl mé bainteach le Bord Oiliúna agus Oideachais Lú agus na Mí agus tá mo chuid freagrachtaí eitiúla á gcomhlíonadh agam de réir na gcaighdeán.

Measaim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis nach mbaineann leis na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an Bord faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Áirítear leis seo ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na dualgais atá orm i ndáil leis an eolas seo, agus i ndáil le hábhair eile a dtugaim tuairisc orthu trí eisceacht, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Tionchar na moille ar cheannach maoine

Nochtar i nóta 21 de na ráitis airgeadais na himthosca inar aistrigh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí €6.5 milliún chuig a chuid aturnaetha i mí Mheán Fómhair 2023 agus é ag súil le ceannach maoine a bhí ar léas aige ó chomhlacht poiblí eile a thabhairt chun críche. Mínítear sa nóta nádúr na moille maidir le críochnú an cheannaigh, agus nochtann sé go bhfuil an maoiniú a choimeád i gcuntas neamhúsamhar ag aturnaetha an Bhoird. Tá súil ag an mBord faoi láthair go gcríochnófar an t-idirbheart faoi mhí an Mheithimh 2025.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

14 Márta 2025

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Mar a shonraítear sa ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as na nithe seo a leanas

- Na ráitis airgeadais deireadh bliana a ullmhú sa tsli a mholtar faoi alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- an méid rialaithe inmheánaigh a chur i bhfeidhm a chinntear gur gá, ionas gur féidir ráitis airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a ullmhú, cé acu an calaois nó earráid is cúis leis an míshonrú sin.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm, faoi fhorálacha an Achte um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí agus tuairiscíú a dhéanamh air do Thithe an Oireachtais.

Is í an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine glan ó mhíshonrú cé acu an calaois nó earráid is cúis leis an míshonrú sin. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní deimhniú é go n-aithneofar in iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir caighdeáin idirnáisiúnta iniúcháireachta, míshonrú ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míshonrú eascairt ó chalaos nó earráid agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go mbeadh tionchar acu ina n-aonar nó le chéile ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta iniúcháireachta, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Aithním na rioscaí go mbeidh míshonrú sna ráitis airgeadais, mar thoradh ar chalaos nó earráid, agus déanaim na rioscaí sin a mheas; dearaim nósanna imeachta iniúcháireachta agus cuirim iad i bhfeidhm mar fhreagairt ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim. Is treise an riosca gan mhíshonrú a aithní má bhaineann an míshonrú sin le calaois seachas le hearráid, toisc go bhféadfadh claonpháirtíocht, brionnó, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach is ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta a dhearadh atá ábhartha sna cúinsí, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus na nochtuithe a bhaineann leo.

Déanaim cumarsáid le daoine a bhfuil dualgas rialaithe acu maidir leis an bpeanáil do raon feidhme agus uainiú na hiniúcháireachta agus do thorthaí iniúchta suntasacha, i measc cúrsaí eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a aithním le linn na hiniúcháireachta.

Tuairiscím trí eisceacht más amhlaidh, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair an iniúchta, nó
- nár leor na tairfid chuntasáiochta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na tairfid chuntasáiochta.

Faisnéis nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a ghabhann leis na ráitis sin, agus ní léirím aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de dhualgas orm faoi na CIlIna an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh, agus le linn dom a bheith á dhéanamh sin, a mheas an dtagann nó nach dtagann an fhaisnéis go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le faisnéis a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha ar bhealach eile. Má cheapaim, mar thoradh ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míshonrú ábhartha ann maidir leis an bhfaisnéis eile sin, tá sé de dhualgas orm é sin a thuairiscíú.

Tuairiscíú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt do na dualgais speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena gcuid bainistithe agus oibriúcháin. Má aithním ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh an gnó poiblí, déanaim é sin a thuairiscíú.

Tá sé mar aidhm agam fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Má aithním aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch a bhí beartaithe dó nó murar chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a bhí á rialú, déanaim é sin a thuairiscíú.

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Ráitis Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2023

	Nóta	An bhliain dar críoch 31/12/2023	An bhliain dar críoch 31/12/2022
FÁLTAIS		€	€
Deontais Iar-bhunscoileanna & Cheannoifige	3	95,637,779	88,531,572
Deontais Bunscoileanna	4	354,869	335,671
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	5	64,779,101	53,701,652
Deontais Seirbhísí don Óige	6	1,473,533	1,361,362
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe	7	8,478,015	8,283,694
Caipiteal	8	48,149,089	38,287,807
		<u>218,872,386</u>	<u>190,501,758</u>
ÍOCAÍOCHTAÍ			
Iar-bhunscoileanna agus Ceannoifig	9	96,439,137	90,842,216
Bunscoil	10	345,693	215,452
Breisoideachas agus Oiliúint	11	65,789,820	57,759,315
Seirbhísí don Óige	12	1,461,372	1,329,166
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe	13	10,128,574	8,986,693
Caipiteal	14	56,154,548	23,755,345
		<u>230,319,144</u>	<u>182,888,187</u>
Barrachas Airgid / (Easnamh) don Bhliain		(11,446,758)	7,613,571
Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile	26	<u>10,759,053</u>	<u>(7,046,437)</u>
Barrachas Ioncaim Fhabhráithe / (Easnamh) don Bhliain		(687,705)	567,134
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim ar an 1 Eanáir		1,698,262	1,131,128
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim ar an 31 Nollaig	17	<u>1,010,557</u>	<u>1,698,262</u>
Sínithe:	<u>An Clr. Nick Killian</u>	Sínithe:	<u>Martin G. O'Brien</u>
	Cathaoirleach		Príomhfheidhmeannach
Dáta:	<u>6 Márta 2025</u>	Dáta:	<u>6 Márta 2025</u>

Tá na nótaí ar leathanaigh 14 go 31 mar chuid na Ráitis Airgeadais seo

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha amhail an 31 Nollaig 2023

	Nóta	<u>31/12/2023</u>	<u>31/12/2022</u>
		€	€
Sócmhainní Reatha			
Deontais Athfhillteacha Stáit	18	2,172,281	523,982
Deontais Stáit Chaipitil	19	-	-
Ioncam athfhillteach eile	20	716,024	178,805
Féichiúnaithe Tríú Páirtí	21	6,626,026	144,618
Iarmhéid Baine		<u>23,027,379</u>	<u>34,474,137</u>
		<u>32,541,710</u>	<u>35,321,542</u>
Dliteanais Reatha			
Deontais Athfhillteacha Stáit	22	2,357,912	4,040,200
Deontais Stáit Chaipitil	23	18,802,675	21,169,746
Ioncam athfhillteach eile	24	2,202,875	2,647,406
Dliteanais Phá agus Speansas	25	8,167,691	5,765,928
		<u>31,531,153</u>	<u>33,623,280</u>
Glansócmhainní / (Glandliteanais) Reatha		<u>1,010,557</u>	<u>1,698,262</u>
Léirithe ag			
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim	17	<u>1,010,557</u>	<u>1,698,262</u>

Anailís ar an mBarrachas / (Easnamh) Ioncaim

	Barrachas a coimeádadh/ (Easnamh)	Fabhrú Barrachas Ioncaim/ (Easnamh) Don bhliain 2023	Barrachas a coimeádadh/ (Easnamh) 31/12/2022
Clár	€	€	€
Scoileanna & Ceannoifig	985,432	-281,297	1,266,729
Cláir Bhreisoidéachais			
Cláir Ghníomhaireachta	-457,265	200,493	-657,758
Cláir Féinmhaoinithe	482,391	-606,900	1,089,291
18	<u>1,010,558</u>	<u>-687,704</u>	<u>1,698,262</u>

Sínithe: An Cbr. Nick Killian

Cathaoirleach

Dáta: 6 Márta 2025

Sínithe: Martin G. O'Brien

Príomhfheidhmeannach

Dáta: 6 Márta 2025

Tá na nótaí ar leathanaigh 14 go 31 mar chuid na Ráitis Airgeadais seo

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023

1 Beartaí Chuntasafóchta

1.1 Beartaí Chuntasafóchta Shuntasacha

Tá bunús na mbeartas cuntasafóchta agus na mbeartas cuntasafóchta shuntasacha a ghlac Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí leagtha amach thíos. Tá siad arna gcur i bhfeidhm go seasta le linn na bliana agus le linn na bliana roimhe sin.

1.2 Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ar an 1 Iúil 2013 agus leagtar síos na feidhmeanna atá aige in Alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Tháinig Scoileanna Náisiúnta Pobail faoi phátrúnacht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ag tús na bliana acadúla 2017/2018.

1.3 (a) Bunús Thíolacadh na gCuntas

Tíolactar na Ráitis Airgeadais i bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Oideachais le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe. Sna ráitis sin tá an Ráiteas Oibriúcháin, Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha agus nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais, Beartaí Chuntasafóchta san áireamh.

(b) Aithint Ioncam agus Caiteachais

Ioncam

Aithnítear deontais Oireachtais agus deontais eile ar bhonn airgid thirim.

Aithnítear fáiltais eile ar bhonn airgid thirim.

Caiteachas

Pá

Aithnítear caiteachas pá ar bhonn airgid thirim. Is ionann pá agus íocaíocht a íoctar le fostaithe, ÁSPC Fostóra san áireamh.

Neamhphá

Aithnítear caiteachas neamhphá ar bhonn airgid thirim. Is ionann caiteachas neamhphá agus costais riaracháin agus costais oibriúcháin.

Liúntais

Aithnítear caiteachas liúntais ar bhonn airgid thirim. Íoctar liúntais le foghlaiméoirí atá ag tabhairt faoi chúrsaí oideachais agus oiliúna ar leith atá á maoiniú ag SOLAS.

Léirítear an Ráiteas Oibriúcháin le fáiltais airgid agus íocaíochtaí airgid á gcur i láthair de réir na gclárghrúpaí.

Coigeartaítear an barrachas/(easnamh) airgid don bhliain de réir ghluaiseacht sna Sócmhainní Reatha (seachas Banc) agus Dlíteanais Reatha chun toradh foriomlán a thabhairt don bhliain ar bhonn fabhráithe.

(c) Aithint Sócmhainní agus Dlíteanas

Ullmhaítear an Ráiteas Sócmhainní Reatha agus Dlíteanas Reatha ar bhonn fabhráithe trí iarmhéideanna deontas stáit agus iarmhéideanna maoinitheoirí eile a chinneadh ag méideanna atá ag teacht leis na fáiltais ábhartha a fuarthas, leis an gcaiteachas a tabhaíodh agus atá i gcomhréir leis na rialacha maoinithe.

Deontais Athfhillteacha Stáit

Is ionann na deontais seo agus bunmhaoiniú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

Deontais Chaipitil

Baintear úsáid as na deontais faoi chomhair na gcostas maidir le tógáil, infreastruchtúr, ceannaithe réadmhaoine agus athchóirithe agus i gcúinsí áirithe, d'fhéadfai iad a úsáid chun maoiniú a chur ar fáil ar mhaithe le daingneáin, feistis, fearas agus troscán.

Ioncam athfhillteach eile

Gníomhaireacht agus Tionscadail Féinmhaoinithe

Is é atá i gceist le hobair ghníomhaireachta ná clár a réachtáil thar ceann eagraíocht nó mic léinn eile de réir critéir chomhaontaithe agus aisióctar costas an chlár leis an Bhord.

Is clár iad na tionscadail féinmhaoinithe a bhíonn á réachtáil faoi rialú iomlán an Oideachais agus

Tá Féichiúnaithe Tríú Páirtí san áireamh leis na Sócmhainní Reatha.

Tá Dlíteanais Phá agus Chostais san áireamh leis na Dlíteanais Reatha.

Figiúirí Comparáideacha

Nuair ba gha é, rinneadh na figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe seo a athshonrú ar an mbonn céanna leis na figiúirí don bhliain reatha.

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023

1 Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

(d) Sócmhainní seasta inláimhsithe

Cláraítear na sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannaítear mar speansais laistigh den bhliain ina gceannaítear iad, lena n-áirítear costais tógála, infreastruchtúir, ceannachán réadmhaoine, athchóirithe, daingneán, feisteas, fearais agus troscáin. Aithnítear sa bhliain chéanna, deontais Stáit a fhaightear chun maoiniú a chuir ar fáil ar mhaithe le sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach.

(e) Stoic

Cláraítear gach stoc intomhalta mar speansais de réir mar a cheannaítear iad.

(f) Léasanna

Cláraítear gach íocaíocht léasa mar speansais agus iad á n-íoc.

(G) Sochair Scoir

Tugtar teidlíocht phinsin d'fhoireann an Bhoird, daoine a tháinig ó SOLAS san áireamh, faoi fhorálacha scéimeanna sochair shainithe. Tá forálacha don fhoireann atá fostaithe ó 2013 san áireamh sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Coinníonn BOO ranníocaíochtaí aoisliúntais a dhéanann fostaithe maidir leis na scéimeanna roimh 2013 chun iad a chur i dtreo mhaoiniú na nDeontas Pá Iar-bhunscóileanna agus Ceannoifige mar chuid de mhaoiniú comhaontaithe an Stáitchiste. Íoctar ranníocaíochtaí a íocann baill den scéim aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe de réir na reachtaíochta.

Ní dhéanann an BOO ranníocaíochtaí faoi chomhair na scéimeanna seo.

Oibrítear na scéimeanna neamh-mhaoinithe sin ar bhonn íoc mar a úsáidtear. Íocann an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte sochair scoir thar ceann an BOO. Tá BOOnna freagrach as a gcuid pinsean a riar, sochair a ríomh agus treoir a thabhairt don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) maidir le teidlíochtaí. Aisíocann an Roinn Oideachais an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte as Costais Phinsin a thabhaítear agus léirítear na costais sin i vóta na Roinne Oideachais.

Níl soláthar déanta sna ráitis airgeadais do chostas reatha na sochar a íocfar amach anseo atá fabhráithe do bhaill foirne agus do phinsinéirí reatha faoi na scéimeanna seo.

2 Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí Oideachas agus Oiliúint mar a leagtar amach anseo thíos:

Seirbhís	Líon na Scoileanna/ na nIonad*	Líon na Rannpháirtithe**	Líon na dTairbhíthe***
Bunscoil	4	787	
Scoil Eorpach	1	44 (24 Bunscoil agus 20 Meánscoil)	
Leibhéal Meánscoile	18	13,740	
Breisoideachas agus Oiliúint	200		35,823
Ranganna páirtaimseartha/ Ranganna Oíche	4		1,317

* An líon Scoileanna/Ionad óna mbíonn BOO Lú agus na Mí ag soláthar seirbhísí oideachais agus gníomhaíochtaí.

** Maidir le leibhéal bunscoile agus meánscoile tá an méid seo bunaithe ar chlárú na bliana acadúla.

*** Tagraíonn tairbhíthe don líon iomlán daoine a bhí cláraithe le linn na bliana. Déantar é seo a ríomh leis na clárúithe ar an 1 Eanáir a chur leis na clárúithe eile a dhéantar ón lá sin amach.

**** Cuirtear Rannpháirtithe agus Tairbhíthe na ranganna páirtaimseartha/oíche sna hIonaid Oiliúna san áireamh sna figiúirí a bhaineann le Breisoideachas agus Oiliúint (BroO).

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023

3 Fáltais Iar-bhunscoileanna & Cheannoifige

	An bhliain dar críoch 31/12/2023 €	An bhliain dar críoch 31/12/2022 €
An Roinn Oideachais		
-Pá	87,236,366	77,795,370
** -Neamhphá	5,103,998	5,923,742
-Cláir Ghaolmhara	3,053,312	4,568,325
An Roinn Oideachais- fo-iomlán	95,393,676	88,287,637
Táillí Teagaise - Mic léinn	149,821	122,573
Comhlachtaí Poiblí Éireannacha	93,282	121,362
Eile	1,000	-
	95,637,779	88,531,572

**Áirítear leis na fáltais Neamhphá focaíocht aonuaire costais maireachtála a íocadh le BOO LM i mí na Nollag 2023 chun tacú le costais riaracháin scoile mhéadaithe, mar a fógraíodh faoi bheartas costais maireachtála Bhuiséad 2024.

4 Fáltais Bhunscoile

	An bhliain dar críoch 31/12/2023 €	An bhliain dar críoch 31/12/2022 €
An Roinn Oideachais	354,869	335,671

5 Fáltais Bhreiseoideachais agus Oiliúna

	An bhliain dar críoch 31/12/2023 €	An bhliain dar críoch 31/12/2022 €
SOLAS	64,767,017	53,667,591
An Roinn Breiseoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta, agus Eolaíochta	12,084	34,061
	64,779,101	53,701,652

6 Fáltais Seirbhísi don Aos Óg

	An bhliain dar críoch 31/12/2023 €	An bhliain dar críoch 31/12/2022 €
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	1,473,533	1,361,362
	1,473,533	1,361,362

7 Fáltais a bhaineann le Gníomhaireachtaí agus le Tionscadail Féimhacóinthe

Gníomhaireachtaí	Roinn/Maoinitheoir Urraíochta	An bhliain dar críoch 31/12/2023 €	An bhliain dar críoch 31/12/2022 €
Búifí Seóile	An Roinn Coimíre Sóisialaí	1,466,755	1,370,559
Clár Ghluán an Cheoil	Gluán an Cheoil	878,678	820,405
An Clár Críochnaithe Seóile	Tusla	837,428	833,013
Feitheoireacht Scrúduithe	Coimisiún na Scrúduithe Stáit	362,489	304,457
Erasmus	Léargas	298,142	243,811
Plean Cur Chun Feidhme Dhroichead Átha	An Roinn Dlí agus Cirt	268,407	174,446
Sainchomhairleoireacht ó Fhiontraíocht Éireann	Fiontraíocht Éireann	198,824	259,889
BÓO Solas/Forchúiteamh Tuarastail	An Roinn Oideachais	127,719	90,316
Clár Críochnaithe Seóile na hUaimhe	An Roinn Coimíre Sóisialaí	70,553	70,238
Leasú na Sraithe Sóisearaí	Ionad Oideachais Mhuineacháin	65,594	62,153
Amazon Web Services	Amazon	52,730	40,000
Gníomhaireacht eile - 14 san iomlán**	Éagsúl	197,404	119,127
		4,734,693	4,388,714
Tionscadail Féimhacóinthe			
Leibhéal Meánseóile - Leabhair ar Gíof	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	916,100	967,236
Rannseiríocht do Sheirbhísí Mae Léinn ar Chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	158,545	717,342
Leibhéal Meánseóile - Gníomhaíochtaí/Turais	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	1,026,486	790,683
Leibhéal Meánseóile - Priontáil agus Fótachóipeáil	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	275,404	224,309
Leibhéal Meánseóile - An Idirbhliain	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	345,142	218,603
Leibhéal Meánseóile - Bréagscrúduithe	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	118,694	170,745
Leibhéal Meánseóile - Dialanna Seóile	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	105,288	121,670
Leibhéal Meánseóile - Áiseanna Ceintín	Éagsúl	127,270	113,783
Leibhéal Meánseóile - Arachas	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	108,847	87,311
Leibhéal Meánseóile - Úsáid na Saoráidí	Éagsúl	103,477	85,989
Leibhéal Meánseóile - Staidéar faoi Mhaoirseacht	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	70,533	75,549
Leibhéal Meánseóile - Text a Parent	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	81,446	64,767
Tionscadail féimhacóinthe eile - 14 Cinn Aca	Éagsúl	306,090	257,592
		3,743,322	3,894,980
Iomlán		8,478,015	8,283,694
8 Fáltais Chaipitil			
An Roinn Oideachais		An bhliain dar críoch 31/12/2023 €	An bhliain dar críoch 31/12/2022 €
SOLAS		38,975,201	16,552,470
Fiontraíocht Éireann		9,173,888	20,598,353
		-	1,226,984
		48,149,089	38,287,807

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023

9 Íocaíochtaí Iar-bhunscoileanna agus Ceannoifige		An Bhliain dar críoch an 31/12/2023			An Bhliain dar Críoch an 31/12/2022
		Pá	Neamhphá	Iomlán	Iomlán
PÁ		€	€	€	€
	Teagasc	81,388,258		81,388,258	74,226,171
	Riarachán	4,028,566		4,028,566	3,775,414
	Cothabháil	<u>1,847,930</u>		<u>1,847,930</u>	<u>1,682,532</u>
		87,264,754		87,264,754	79,684,117
NEAMHPHÁ			5,499,307	5,499,307	5,215,934
CLÁIR GHAOLMHARA					
	Cistiúchán Tacáiochta Seirbhísí Scoile	82,686	1,231,265	1,313,951	1,485,334
